Commission for Communications Regulation

# Ráiteas Straitiéise an Phoist (2008-2010)

| | |
|---|---|
| **Doiciméad Uimh:** | **08/17a** |
| **Dáta:** | **15 Feabhra 2008** |

**An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide**
**Commission for Communications Regulation**
Cúirt na Mainistreach Lárionad Irish Life Sráid na Mainistreach íochtarach, Baile Átha Cliath 1 Éire
*Teileafón* +353 1 804 9600 *Facs* +353 1 804 9680 *RPhostl* info@comreg.ie *Gréasán* www.comreg.ie

# Clár

1 Réamhfhocal ........ 2

2 Misean, Luacha, Fís ........ 4

3 Anailís ar an Imshaol ........ 5

3.1 An Eacnamaíocht Náisiúnta ........ 5
3.2 Sóisialta ........ 5
3.3 Domhandú ........ 5
3.4 Margadh an Phoist ........ 6
3.5 Teicniúil ........ 6
3.6 Polaitiúil agus Reachtúil ........ 7

4 Ard-Spriocanna ........ 10

5 Cuspóirí - Úsáideoirí ........ 11

6 Cuspóirí – Iomaíocht ........ 14

7 Cuspóirí - Nuálaíocht ........ 16

8 Cuspóirí - Eagraíocht ........ 17

Aguisín A – Liosta na nGiorrachán ........ 20

# 1 Réamhfhocal

Tá ComReg an-sásta an Ráiteas Straitéise seo a fhoilsiú thar cheann earnáil an phoist, i ndiaidh do phróiseas an agallaimh phoiblí ar an ndréacht Ráiteas Straitéise a ullmhaíodar haghaidh na tréimhse 2008-2010 a bheith críochnaithe, faoi mar a éilítear faoin Acht um Rialáil Cumarsáide, 2002.

Sa Ráiteas Straitéise seo leagtar amach, faoi mar a shamhlaítear do ChomReg é, an bealach oibre atá le leanúint ag an An Post sa tréimhse 2008-2010. I gcomhair na dtrí mbliana sin leagtar amach an plean ChomReg chun na dtosaíochtaí tábhachtacha réamh-aitheanta a bhaint amach agus tá an plean sin arna thacú ag ár bPlean Gníomhaíochta Bliantúil le sonrú ann ar na tosaíochtaí céanna agus tá na frámaí ama leagtha síos ann freisin. Aithníonn muid agus an plean seo á ullmhú againn go mba chóir go dtaispeánfadh an Ráiteas Straitéise an ról agus na hoibleagáidí reachtúla atá ar ChomReg agus ba chóir go gcaomhnófaí an tsolúbthacht chuí chun tabhairt faoi na dúshláin sa saol oibre ardfhuinneamhach atá timpeall orainn.

Is eol do chách a riachtanaí is atá seirbhísí poist chun gluaiseacht cheart a choimeád faoin eacnamaíocht agus faoin tsochaí. Aithnítear é seo in oibleagáid an seirbhíse uilíche agus i ngach cosaint eile atá ann ar mhaithe le leas na n-úsáideoirí. Inniu, tá athruithe ag teacht níos tibhe ná riamh ar earnáil an phoist. Is é Réabhlóid na Faisnéise an fórsa is déine atá taobh thiar de na hathruithe sin.. Tá toradh nach beag ag teacht, chun maitheasa nó a malairt, as éileamh agus as soláthar na seirbhísí poist, as forbairtí mar an rialtas leictreonach, an tráchtáil leictreonach agus as earnáil ghinearálta teicneolaíochta an eolais agus na cumarsáide (TEC).

Tá aontú polaitiúil déanta san Eoraip chun an 31ú Nollaig 2010 a leagan síos mar sprioc chun an margadh a oscailt go hiomlán don iomaíocht idir na seirbhísí poist. Chun aon rath a bheith orthu sa mhargadh iomaíoch chaithfidh na hoibreoirí poist a bheith nuálaíoch, éifeachtach agus súil aibí a choimeád ar chustaiméirí. Is iad seo na tréithe ceannann céanna atá de dhíth chun freagairt do na dúshláin a thagann as Réabhlóid na Faisnéise.

Ní foláir dearcadh ar an gcúlra seo chun léargas a fháil ar na hathruithe rialála nach mór do Rialtas na hÉireann a chur i bhfeidhm i rith tréimhse an ráitis straitéise seo. Is í an pháirt a bhéas ag ComReg sa phróiseas ná páirt abhcóide don úsáideoir nó do dhream ar bith eile le spéis agus ábaltacht seirbhísí éifeachtacha poist, dírithe ar chustaiméirí, a chur ar fáil. Ní foláir an leibhéal rialála iomchuí le haghaidh iomaíocht inmharthana a bhaint amach, ní mór an praghas, an rogha agus an caighdeán ceart a sholáthar do chustaiméirí agus an nuálaíocht a chur chun cinn – más mian linn rath eacnamaíoch na hÉireann a choimeád in uachtar i gcónaí.

Níl sa Ráiteas Straitéise seo ach ceann amháin as trí doiciméad atá á gcur amach ag ComReg ag an dtráth seo. I Mí na Nollag 2007 d'fhoilsíomar an Ráiteas Straitéise ar earnáil na cumarsáide leictreonaí (doiciméad 07/104). Tá sé i gceist againn comhchomhairle a dhéanamh go luath maidir le Ráiteas Straitéise an Speictrim le haghaidh na tréimhse 2008-2010.

**John Doherty**

**Cathaoirleach**
**An Coimisiún um Rialáil Cumarsáide**

## 2 Misean, Luacha, Fís

**MISEAN**

An fhorbairt inmharthana, iomaíoch agus dinimiciúil a chumasú in earnáil na cumarsáide in Éirinn agus an cumhacht a thabhairt d'úsáideoirí chun roghanna bunaithe ar fhaisnéis a dhéanamh.

**LUACHA**

- Ionracas
- Gairmiúlacht
- Neamhchlaontacht
- Éifeachtacht
- Trédhearcacht

**FÍS**

Is í an fhís atá ag ComReg d'earnáil an phoist ná margadh dinimiciúil iomaíoch a chuireann praghsanna réasúnta ar fáil do gach úsáideoir (gnáth-daoine, lucht gnó, eagraíochtaí) agus raon leathan de tháirgí agus de sheirbhísí ardchaighdeáin.

Mar fhís againn tá margadh poist le líonra nuálaíoch poiblí, líonra éifeachtach agus dírithe ar leas an chustaiméara, ag obair taobh le líonraí seachadta atá ann cheana, iad sin á n-oibriú ag lucht beartán agus mearsheachadta, le cúnamh, más gá, ó líonraí nua a fhreagraíonn don athrú sóisialach agus teicniúil agus don toradh a fhágann an t-athrú sin ar riachanais an úsáideora.

Tá fís ChomReg ag tacú le forbairt an mhargaidh phoist agus aidhm fhadtréimhseach léi go bfásfaidh toirt *per capita* an phoist i dtreo leibhéal na n-eacnamaíochtaí lárnacha inchomparáide eile san AE.

D'fhonn an fhís seo a thabhairt chun críche tacóidh ComReg le forbairt seirbhísí ríomhtráchtala agus ríomhrialtais de leithéid a ghineann éileamh sonrach ar sheirbhísí poist mar chríochnú ar idirbhearta an tosaíodh go leictreonach.

# 3 Anailís ar an Imshaol

## 3.1 An Eacnamaíocht Náisiúnta

Tá tuilleadh fáis fós tagtha ar eacnamaíocht na hÉireann ó d'fhoilsigh ComReg an Ráiteas Straitéise deireanach don tréimhse 2005/2007. Sa bhliain 2006 d'fhás an Olltáirgeacht Intíre (OTI) 5.7% agus d'fhás an Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) [1]. De réir mheastacháin an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI) tuigtear go leanfaidh an fás eacnamaíochta seo sa bhliain 2007, ach ar ráta beagán níos moille[2]. Mar sin féin tá tráchtairí, ar nós an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES) agus an Banc Ceannais tar éis aird a tharraingt ar bhagairtí áirithe ar an bhfás seo, cur i gcás an baol go lagódh an iomaíocht, agus go rachadh an ráta úis agus an boilsciú in airde. Tá an baol breise ann freisin go leathfaidh an dífhostaíocht, go háirithe sna hearnálacha foirgníochta agus ilnáisiúnta.

## 3.2 Sóisialta

Tá athrú an-mhór tagtha ar thír na hÉireann le blianta anuas. Tá méadú mó ar an ndaonra ag ardrátaí beireatais agus daoine ag teacht isteach sa tír ó thar lear. Sa deich mbliana idir 1996 agus 2006 chuaigh daonra na hÉireann suas ó 3.6m go dtí 4.2m. Deir an Príomh-Oifig Staidrimh (POS) gur dóichí go mairfidh an fás seo go dtí 2021. D'fhéadfadh 41% beagnach den dhaonra a bheith in Ollcheantar Bhaile Átha Cliath[3] (OBÁC) faoin am sin. Táthar ag tuaradh go leanfar le mór-infheistíocht i bhforbairt an bhonneagair, sna bóithre, sa bhfuinneamh, sa chumarsáid agus mar sin de. Maolóidh sin go mór ar aon mhoilliú i margadh na tithíochta, siar go dtí gnáth-leibhéil atá coitianta ar fud na hEorpa go léir.

## 3.3 Domhandú

Faoi láthair, mar gheall ar an ndomhandú, tá gnóthaí táirgíochta á gcur amach as an Eoraip chuig tíortha lag-chostais. Mar gheall ar sin ní foláir bun-ábhair agus earraí déantúsaíochta a iompar thart timpeall na cruinne agus tá an trádáil ag fás dhá uaire níos tapúla ná an táirgaíocht. Is cúis thábhachtach í seo le méadú a theacht ar fhuinneamh agus ar bhun-ábhair (agus méadú ar a gcostas freisin).

Ach ní ghá go leanfadh an claonadh seo. De réir mar a mhéadaíonn ar chostais an iompair agus an bhun-ábhair, ní bheidh costas na hoibre ag brath chomh mór sin ar an suíomh. Tiocfaidh athsmaoineamh as sin b'fhéidir faoin tslí a dhéantar earraí a

---

[1] Foinse: Feasachán Míosúil na Roinne Airgeadais, Meán Fómhair, 2007

[2] Preasráiteas ón Roinn Airgeadais, 25/09/2007, http://www.finance.gov.ie/viewdoc.asp?DocID=4654&CatID=1&StartDate=1+January+2007&m=n

[3] Clúdaíonn 'Ollcheantar Bhaile Átha Cliath na contaetha Baile Átha Cliath, Cill Dara, An Mhí agus Cill Mhantáin

díol agus a imdháileadh. Sa ré seo nuair a bhéas daoine saibhir ó thaobh airgid ach bocht ó thaobh ama, agus an tráchtáil leictreonach ag forleathadh ar luas mire, beidh deis ábhalmhór ann do sholáthraithe seirbhísí poist.

## 3.4 Margadh an Phoist

Tá na hathruithe ag teacht ar luas i margadh an phoist agus dar le daoine dealraíonn an seirbhísí poist féin a bheith i gcuilithe réabhlóide faoi mar a tharla i lár na 19ú aoise nuair a tháinig na stampaí poist agus an post pingine i gcéaduair.

Ba í an Réabhlóid Thionsclaíoch a chuir siúl ceart faoi na leasuithe ar an bpost. Is í Réabhlóid na Faisnéise atá ag cur gluaiseachta faoi leasuithe ar an bpost faoi láthair. Féach an borradh atá tagtha ar úsáid an Idirlín, féach forbairt na tráchtála leictreonaí agus an rialtais leictreonaigh.

Is féidir leis an dtráchtáil leictreonach agus an rialtas leictreonach toradh chun maitheasa nó chun donais a imirt ar éileamh agus ar sholáthar na seirbhísí poist.

Ar thaobh amháin de, tá áitithe ag daoine gurb í creill na marbh do na seirbhísí poist iad toisc nach scríobhann daoine ar a chéile chomh minic céanna agus titeann an post gnó – ar nós billí fóntais agus ráitis bainc – mar úsáideann daoine modhanna leictreonacha ina n-áit.

Ar an dtaobh eile síolraíonn éileamh sonrach ar sheirbhísí poist as an dtráchtáil leictreonach agus as an rialtas leictreonach ag cur críoch ar idirbhearta a tionscnaíodh go leictreonach – mar shampla ag seachadadh earraí a cheannaíodh ar an idirlíon agus mótar-cháin a athnuadh ar líne. Tá taighde freisin a thugann le tuiscint go mbíonn éifeacht níos fearr le hearraí agus seirbhísí a mhargáil ar an idirlíon má dhéantar an gnó a chomhlánú le Post Díreach in ionad a bheith ag brath ar aon mheán amháin. Ní hamháin go mbíonn teacht le chéile idir an chumarsáid leictreonach agus an chumarsáid fhisiceach ach is léir dúinn gur ar scáth a chéile a fhásann siad.

Is é an dúshlán atá os comhair an oibreora phoist sa 21ú aois ná an doras a oscailt agus greim a bhreith ar na mór-dheiseanna atá ann dó. Ciallaíonn sin seirbhísí bunaithe ar mhianta an chustaiméara a dhíol agus cúl a thabhairt ar an ndearcadh stairiúil coitianta gan taobh thiar díobh ach an polasaí 'ceannaigh a bhfuil againn'. Beidh an t-athrú seo níos géire fós nuair a ghlacann magadh an phoist go léir leis an iomaíocht, ag spreagadh na nuálaíochta agus an luach an airgid don úsáideoir.

## 3.5 Teicniúil

Tá athrú ag teacht ar an obair atá le déanamh ag oibreoirí an phoist. Roimhe seo ní raibh de dhíth uathu mar ghnáth-chumais ach sórtáil agus an seachadadh. Go minic anois tá sé níos éifeachtaí do chustaiméirí, de bharr forbairtí san earnáil TEC dul i mbun sórtála iad féin mar chuid d'ullmhúchán an phoist in áit a bheith ag íoc

oibreora phoist chun an obair a dhéanamh dóibh. Aon dream atá ag teacht isteach in earnáil an phoist sa lá atá inniu ann caithfidh siad ceann a thógáil don athrú sin.

Leanfar go fóill leis an nós atá ann na litreacha a thabhairt go dtí an doras ach tá bealaí nua ann cheana chun rudaí luachmhara a sheachadadh, mar earraí a ordaítear ar an idirlíon, nó doiciméid dlíthiúla a mbíonn cruthú seachadta de dhíth orthu. I measc na roghanna a úsáidtear ar fud an domhain tá botha le teacht orthu lá agus oíche agus pointí bailiúcháin i stáisiúin peitril agus stórais áise a chuireann tuairiscí um sheachadadh uathu tríd an ríomhphost nó trí ghearr-theachtaireachtaí. Ciallaíonn an teacht le chéile freisin gur féidir, i mórán tíortha, an postas a dhíol ar an idirlíon sa tslí chéanna a íocann paisinéir aerlínte ar líne as an dticéid nó as seiceáil isteach.

Freisin, tá na córais poist traidisiúnta agus earnáil an mhear-sheachadta á dtiomáint le chéile ag na hathruithe seo, ní hamháin ó thaobh luais agus iontaoibhe de ach freisin go bhfuil tionscal na mbeartán / an mhear-sheachadta ag brú isteach i margaí na n-úsáideoirí príobháideacha. Féach an fhorbairt atá déanta ar na líonraí mion-dhíolacháin sa Ghearmáin (na siopaí beartán Hermes), DHL sa tSualainn agus GLS & DHL in Éirinn. Tá géar-iomaíocht freisin sa Ghearmáin, áit a mbíonn DHL ag ofráil praghsanna ar bheartáin chomh híseal le €3.90 (do theaghlaigh) agus €7.90 (laistigh den Eoraip). Is cosúil go bhfuil líonraí ag feidhmiú in Éirinn ag ofráil seirbhísí ar a leath den phraghas a ghearrann An Post ar sheirbhísí idirnáisiúnta den chineál chéanna. Tá fadhbanna ar leith ag na hoibreoirí seo ag baint le CBL agus an Dleacht Chustaim a bhailiú ar allmhairithe ag úsáideoirí príobháideacha ó lasmuigh den AE.

## 3.6 Polaitiúil agus Reachtúil

Tá athrú ag teacht ar fhrámaíocht na rialála freisin. Tá Seasamh Comónta glactha anois ag Comhairle na hEorpa agus ag Parlaimint na hEorpa maidir le Treoir an Phoist a leagann síos an dáta 31 Nollaig 2010 mar sprioc chun na margaí poist a oscailt don iomaíocht iomlán. Foilseofar an téacs aontaithe go gairid in Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpacha.

Tá na margaí poist sa Bhreatain Mhór oscailte don iomaíocht cheana féin agus tá sin leata chuig Tuaisceart Éireann. Tá margadh poist na Sualainne oscailte don iomaíocht le 14 bhliana anuas. Bhí an modúl rialála Briotanach, maille le tréithe geografacha agus eacnamaíochta mhargaidh phoist na tíre sin, i bhfabhar 'rochtain síos an sruth' seachas an rochtain 'ó cheann ceann'. Faoi láthair tá an rialálaí Briotanach ag fiosrú conas is fearr an iomaíocht ó cheann ceann a spreagadh freisin. Tá an chothromaíocht i réim sa tSualainn agus tá buntáistí bainte ag úsáideoirí ansiúd as an iomaíocht ó cheann ceann agus as an bhfeabhsú ar chaighdeán agus ar éifeachtacht a leanann í.

I Mí Eanáir (2008) d'oscail an Ghearmáin an margadh don iomaíocht. Tá na blianta ann ó d'oscail tíortha eile mar an Ísiltír, an Ostair agus an Eastóin margaí an Phoist Dhírigh agus tá taithí acu anois ar bheith ag obair i margadh iomaíoch.

Cé nach ceannródaí í Éire sa ghnó seo, is rí-tábhachtach go leanfaidh muid an ród seo a luaithe agus is féidir lena dheimhniú go mairfidh an iomaíocht in eacnamaíocht na tíre. Roimhe sin, ní foláir go gcasfar an 3ú Treoir Poist go glan, cruinn, gan athbhrí isteach i ndlí na hÉireann agus go ndéanfar an dlí náisiúnta atá againn a chomhdhlúthú mar is cuí freisin.

Tugann an téacs sa Treoir Phoist atá molta solúbthacht a ndóthain do na Ballstáit an fhrámaíocht rialála a chur in oiriúint dá dtréithe náisiúnta. Dúirt an tAire ag Comhdháil Bhliantúil Náisiúnta ChomReg go raibh sé chun dul i gcomhairle le bunpháirtithe san obair maidir leis na roghanna a bhí aige sula ndéanfaí an Treoir a thabhairt isteach i ndlí na hÉireann. Is fíor-chasta iad na cinntí atá aige le déanamh agus is astu a leagfar síos an fhrámaíocht oibre le haghaidh blianta fada atá romhainn.

Beidh sé riachtanach breithniú géar a dhéanamh ar iliomad gnéithe dár gcóras dlíthiúil chun ceann a thógáil d'imshaol nua seo na n-il-oibreoirí. Áirítear ansiúd forálacha ionracais an phoist mar chúltaca le dlí an chonartha, rud a ráthóidh an rúndacht, an seachadadh chuig an seoltaí agus an iontaoibhe.

Is é fós Acht Oifig an Phoist 1908 an reachtaíocht bhunúsach atá ann a rialaíonn freagracht an Phoist i leith an tseoltóra nó an tseoltaí. Ina fhochair sin tá dlíthe ón 19ú Aois fós ar an leabhar, agus ó bhunú an Stáit i leith tá na céadta Achtanna agus Ionstraimí Reachtúla a údaraíonn an úsáid de sheirbhísí áirithe poist, go háirithe post cláraithe. Beidh gach ceann acu scrúdú, le leasú nó le haisghairm de réir mar is gá.

Tá gnéithe áirithe den mhargadh poist (cur i gcás airde na gcostas coitianta) ná lamhálfaí a bheith ag brath ar dhlí na hiomaíochta amháin dá mbeadh aon obair fhrith-iomaíoch ar siúl. Is cosúil dá bhrí sin go mbeadh rialáil *ex ante* de dhíth sa tréimhse a bheadh an margadh á oscailt. Tá cothromaíocht ag teastáil idir an rialáil bhog éadrom atá mar idéal againn agus smacht ceart a choimeád ag an am céanna ar aon ghníomhaíocht fhrith-iomaíoch a bheadh ar siúl.

Chun na gcinntí a dhéanamh i gceart níor mór aithne a chur ar cad iad na roghanna atá ann. Níor mhór freisin torthaí dóchúla na roghanna sin a mheas, agallamh forleathan a dhéanamh, reachtaíocht chruinn-fhoclach a dhréachtú agus ag an am céanna oiread den tsolúbthacht a fhágáil inti a fhreastalódh ar riachtanais mhargaidh a bheadh ag síor-athrú. Agus níor mhór é seo go léir a chur i gcrích in am agus i dtráth roimh an sprioc-lá a osclófaí an margadh go hiomlán. Beidh ComReg ag obair i gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (RCFAN) chun comhairle agus tacaíocht a thabhairt don phróiseas seo. Maidir le seo, d'fhoilsigh ComReg tuarascáil le déanaí, coimisiúnaithe ó LECG Teo, a thugann aithne dúinn ar chuid mhór de bhunfhadhbannna na rialála.

Tógfaidh sé tamaill tar éis do na margaí poist a bheith go hiomlán oscailte go dtí go bhfaighidh na húsáideoirí an lán-tairbhe as an iomaíocht. Sin í an chúis a thuigtear sa tríú Treoir Poist go leanfar le lámh na rialála chun úsáideoirí a chosaint maidir le praghsanna, caighdeán agus seirbhísí an oibreora atá i seilbh, is é sin An Post, mar is dealraitheach go mbeidh áit cheannasach ag An Post sa mhargadh go ceann tamaill eile.

## 4 Ard-Spriocanna

- Do dheimhniú go mbeidh faisnéis agus an chosaint chuí ar fáil ag gach úsáideoir agus go mbeidh teacht éasca acu ar raon leathan de tháirgí agus de sheirbhísí ardchaighdeáin ar phraghas réasúnta.
- Do chruthú na gcoinníollacha in earnáil phoist na hÉireann le haghaidh iomaíochta de chineál inmharthana, dínimiciúil agus nuálaíoch.
- D'éascú na nuálaíochta ag oibreoirí sean agus nua lena ráthú go bhfabhróidh seirbhís uilíoch d'úsáideoirí in Éirinn ag freagairt don imshaol teicniúil, eacnamaíoch agus sóisialach agus do riachtanais na n-úsáideoirí féin agus rochtain dá réir a thabhairt dóibh ar sheirbhísí nua-aimseartha den scoth.
- Do bheith in ár n-eagraíocht ghairmiúil nuálaíoch a aithneofar mar fhoinse cheannasach shaineolais in earnáil na cumarsáide.

## 5 Cuspóirí - Úsáideoirí

***Ard-Sprioc***

- Do dheimhniú go mbeidh faisnéis agus an chosaint chuí ar fáil ag gach úsáideoir agus teacht éasca acu ar raon leathan de tháirgí agus de sheirbhísí ardchaighdeáin ar phraghas réasúnta.

### Cuspóirí

**1. Dul i gcomhar leis an RCFAN lena ráthú, nuair a osclóidh an margaí poist le haghaidh iomaíochta, go gcuirfear frámaíocht rialála i bhfeidhm ar fud an stáit a thabharfaidh seirbhísí poist d'úsáideoirí a bhéas nuálaíoch, éifeachtach agus dírithe ar chustaiméirí agus go mbeidh na córacha cuí in áit chun iad a chosaint ar ró-phraghsáil agus ar aon bhaol nach gcomhlíonfaí na gealltanais maidir le chaighdeán a fhógrófar.**

***Straitéisí***

- Déantar na roghanna maidir le rialáil éadrom ach éifeachtach a mheas

- Déantar deimhin de go mbíonn gach bunpháirtí san obair eolach ar na himpleachtaí ó thaobh na n-úsáideoirí de

- Déantar páirt abhcóide a imirt don úsáideoir agus d'aon dream a bhfuil spéis acu seirbhís poist éifeachtach, dírithe ar chustaiméirí a sholáthar.

**2. Déantar deimhin de go gcomhlíonann An Post go hiomlán a gcuid oibleagáidí maidir le praghsanna sula n-osclófar na margaí poist don iomaíocht.**

***Straitéisí***

- Déantar na praghsanna uilíocha seirbhíse go léir a bhreithniú lena chinntiú go mbaintear amach aon chros-fhóirdheontais idir na seirbhísí.

- Déantar leithroinnt na gcostas coitianta idir an tseirbhís uilíoch agus imeachtaí eile a scrúdú lena chinntiú go ndéantar costais na seirbhíse uilíche a roinnt mar is cóir.

**3. Déantar deimhin de go dtugtar rochtain chaoithiúil in-acmhainne ar bhun-sheirbhísí poist (seirbhís uilíoch) d' úsáideoirí agus rochtain ar gach fhaisnéis ábhartha a chur san áireamh.**

*Straitéisí*

- Iniúchtar dílse na géilliúlachta le sainmhíniú feidhmiúil na seirbhíse uilíche.
- Déantar cinnte go ngéilltear go fírinneach leis na Treoracha maidir le pointí rochtana
- Déantar faire go gcomhlíontar oibleagáid an tseachadta laethúil
- Déantar iniúchadh ar chomhlíonadh oibleagáidí maidir le faisnéis a sholáthar
- Déantar caighdeán na seirbhíse a thomhas (tréimhse iompair an phoist)

**4. Déantar feabhsuithe a thacú agus a spreagadh i gcaighdeán na seirbhíse do chustaiméirí agus i dtaithí choitianta na n-úsáideoirí féin.**

*Straitéisí*

- Déantar faire ar shástacht an n-úsáideoirí agus bun-fhadhbanna a aithint trí theagmhálacha agus suirbhéanna.
- Lorgaítear feabhsuithe seirbhíse agus caighdeáin i gcónaí sna próisis chun gearáin a dhéanamh atá ag oibreoirí dá gcuid chustaiméirí agus déantar faire agus foilsiú ar lochtaí agus ar chlaonta a thuairiscítear

**5. Déantar déileáil go héifeachtach le neamh-ghéilleadh oibreoirí**

*Straitéisí*

- bainistíocht éifeachtach a dhéanamh ar theagmhálacha úsáideoirí trí fhiosruithe a fhreagairt agus caidreamh a choimeád le hoibreoirí d'fhonn réiteach a fháil ar na gearáin.
- tosaíocht a thabhairt d'fhadhbanna agus do chlaonta tromchúiseacha a thuairiscítear trí ghéilliúlacht d'oibleagáidí a dhian-fheidhmiú.
- oibriú i gcomhar le Soláthraithe na Seirbhíse Údaraithe chun réiteach a fháil ar fhadhbanna a bhaineann le CBL agus Dleacht Chustaim a bhailiú ar allmhairithe ó lasmuigh den AE ag daoine príobháideacha.

**Measúnú na Feidhmíochta**

• Frámaíocht nua rialála i gcomhair soláthair seirbhísí poist in Éirinn a chosnaíonn leas na n-úsáideoirí

- Praghsáil na seirbhísí uilíocha a bheith 'áirithe ar bhonn an chostais', trédhearcach agus gan idirdhealú

- Foilsiú rialta de chaighdeán an mheasúnaithe feidhmíochta agus athbhreithnithe eile ar sholáthar na seirbhíse uilíche.

## 6 Cuspóirí – Iomaíocht

*Ard-Sprioc*

Do chruthú na gcoinníollacha le haghaidh iomaíochta inmharthana, dinimiciúla agus nuálaíche in earnáil phoist na hÉireann.

### Cuspóirí

**1. Dul i gcomhar le DCFAN lena dheimhniú, tar éis oscailte do na margaí don iomaíocht, go soláthróidh an fhrámaíocht rialála an chothromaíocht deiseanna d'oibreoirí sean agus nua, go gcosnófar oibreoirí eile ó phraghsáil faoi bhun chostais agus ó chros-fhóirdheontais neamh-chuí ag aon oibreoir ceannasach. Do dheimhniú an comh-oibriú freisin idir na hoibreoirí go léir maidir le teacht ar an mbonneagar riachtanach – faisnéis faoi atreorú poist, bunachair seoltaí srl.**

*Straitéisí*

- Déantar na roghanna um rialáil éadrom ach éifeachtach a mheas
- Déantar deimhin de go mbíonn gach bunpháirtí san obair eolach ar na himpleachtaí a bhaineann le margadh poist a fhorbairt
- Déantar páirt abhcóide a imirt don úsáideoir agus d'aon dream a bhfuil spéis acu seirbhís poist éifeachtach, dírithe ar chustaiméirí a sholáthar.

**2. Do dheimhniú go gcomhlíonann An Post a gcuid oibleagáidí go léir gan idirdhealú maidir le praghsáil agus rochtain ar a gcuid seirbhísí mórdhíola roimh oscailte do na margaí poist don iomaíocht.**

*Straitéisí*

- Déantar praghsanna na seirbhíse uilíche go léir a iniúchadh le bheith siúráilte go gcuirtear deireadh le haon chros-dheontas inmheánach idir sheirbhísí.
- Ní mór do na praghsanna a ghearrann An Post ar sheachadadh phoist ó thar lear a bheith áirithe ar bhonn an chostais.
- Do chinntiú go mbíonn rochtain ar líonra poiblí an phoist ag gach oibreoir, gan idirdhealú, maidir le praghas, caighdeán, téarmaí agus coinníollacha.

**3. Do chuidiú le héascú na hiomaíochta éifeachtaí, inmharthana i margadh an phoist.**

***Stráitéisí***

- Spreagadh a thabhairt do An Post ullmhúchán a dhéanamh don iomaíocht trí éifeachtacht a fheabhsú agus táirgí oiriúnacha a fhorbairt.

- Cuidiú, faoi theorainneacha an dlí, le soláthraithe údaraithe seirbhíse, ar mhian leo seirbhísí nuálaíochta poist a fhorbairt.

- Cuidiú, le rialáil éadrom, le iontráil sa mhargadh do sholáthraíthe poist, más ceadmhach dóibh de réir an dlí an iontráil sin a dhéanamh.

**Beartanna Feidhmiúchán**

• Frámaíocht nua rialála le haghaidh seirbhísí poist na hÉireann a urraíonn cothromaíocht imeartha do gach oibreoir, scéim inmharthana chun bonneagair a roinnt agus cumas comhoibrithe dá mba ghá.

• Rátaí inchomparáide rochtana ar an líonra poist poiblí a chur ar fáil do gach oibreoir.

# 7 Cuspóirí - Nuálaíocht

***Ard-Sprioc***

Do chuidiú le héascú na nuálaíochta ag oibreoirí sean agus nua lena cinntiú go mbíonn teacht ag úsáideoirí na hÉireann ar sheirbhísí poist nua-aimseartha den scoth.

## Cuspóirí

**1. Do dheimhniú go bhfabhraíonn an tseirbhís uilíoch in oiriúint don saol teicniúil eacnamaíoch agus sóisialach máguaird agus do riachtanais na n-úsáideoirí.**

**2. Do dheimhniú go mbíonn an t-imshaol rialála oiriúnach chun na seirbhísí nuálaíocha a thabhairt isteach go tráthúil.**

***Straitéis***

 Cinnteacht rialála a bhunú chun go leanfaidh na hoibleagáidí rialála atá ann anois agus oibleagáidí rialála na todhchaí sa mhargadh iomaíoch.

**3. Léargas a thabhairt ar an mbealach is féidir leis na seirbhísí poist a fhorbairt sa saol atá romhainn agus cinnteacht na rialála leanúnaí a dheimhniú.**

***Straitéisí***

 An fios coiteann i measc leas-shealbhóirí na hoibre a ardú sna limistéir ábhartha

 Idirghníomhú le grúpaí difriúla a dhéanamh, mar phainéil de shaineolaithe, fóraim tionsclaíocha, eagraíochtaí taighde, agus ollscoileanna.

**Beartanna Feidhmiúcháin**

• Clú le bheith ar Éirinn mar thír a bhfuil imshaol réamhghníomhach tacúil inti i bhfabhar seirbhísí nuálaíocha poist a fhorbairt.

• Mar chuid de fhreagairt sholúbtha ag oibreoirí ar riachtanais athraitheacha na gcustaiméirí, cuirtear seirbhísí nuálaíocha ar fáil do chustaiméirí in Éirinn, mar shampla, stampaí ar dhíol ar an idirlíon, postas cros-chineálach (tosaithe agus seolta go leictreonach, priontáilte in aice an tseachadta agus seachadta sa ghnáth-bhealach), bothanna bailiúcháin ar oscailt lá agus oíche, Domhnach agus Dálach, i gcomhair earraí ceannaithe ar an Idirlín.

## 8 Cuspóirí - Eagraíocht

***Ard-Sprioc***

Do bheith in ár n-eagraíocht ghairmiúil nuálaíoch agus inár bhfoinse cheannasach shaineolais in earnáil na cumarsáide.

### Cuspóirí

**1. Do dheimhniú go mbíonn na cumhachta, na hacmhainní agus na scileanna ag ComReg chun rialáil éifeacht a dhéanamh i margadh dinimiciúil.**

***Straitéis***

 Dul i gcomhar leis an RCFAN agus an R/Airg lena chinntiú go bhfaigheann ComReg na cumhachtaí agus na hacmhainní chun rialáil éifeachtach a dhéanamh san imshaol oibre nua seo.

 Comhoibriú leis an RCFAN lena chinntiú go gcuireann an trasú a dhéanfaidh an Rialtais ar an dTríú Treoir Poist den Chomhphobail Eorpach go dtí dlí na hÉireann, agus an leasuithe ar an reachtaíocht ina dhíaidh sin, na cumhachtaí cuí ar fáil do ChomReg chun géilliúlacht na n-oibreoirí d'oibleagáidí na reachtaíochta nua a dheimhniú.

 Do chinntiú go mbainfear an úsáid is fearr agus is féidir ag na hacmhainní atá againn chun feidhmiúcháin leanúnach ceart agus luach ar airgead a dheimhniú.

**2. Déantar polasaithe rialála a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú de réir na gcaighdeán is fearr, náisiúnta agus idirnáisiúnta.**

***Straitéisí***

 Imrítear tionchar go forleathan ar fhorbairt agus ar fhorfheidhmiú na bpolasaithe rialála idirnáisiúnta

 Gabhtar páirt i bhfóraim d'fhonn tionchar a imirt ar fhorbairt agus fhorfheidhmiú an dtreoirlínte is fearr maidir le cleachtas rialála.

 Déantar tionchar a imirt ar fhorbairt agus ar fhorfheidhmiú na bpolasaithe náisiúnta rialála (mar shampla, RCFAN, Roinn an Taoisigh)

 Gabhtar páirt sa bhFóram um Rialáil níos Fearr d'fhonn rialáil níos fearr a dheimhniú in Éirinn.

 Déantar comhoibriú a fhorbairt le gníomhaireachtaí rialála ábhartha (msh. an Ghníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí, an tÚdarás Iomaíochta)

**3. Déantar an clú atá ar ChomReg san Aontas Eorpach mar sprioc cóimheasa ag Údaráis Rialála Náisiúnta (ÚRN) a chosaint.**

 Oibrítear go dlúth le comhairligh an Choimisiúin Eorpaigh chun suirbhéanna a dhéanamh i gcomhair tuairiscí rialta a chur chuig Parlaimint agus Comhairle na hEorpa

 Cuidítear le cuairteanna malartacha ó ÚRNanna eile nuair is iomchuí

 Baintear úsáid iomlán as na cláir taighde atá ag ComReg mar chabhair chun cinntí a dhéanamh

**4. Déantar an clú i gcomhair ardchumais agus saineolais atá ar ChomReg a chothú i measc na mbunpháirtithe is tábhachtaí san obair.**

***Straitéisí***

 Déantar Plean Cumarsáide réamhghníomhach a chruthú agus a fhorfheidhmiú

 Déantar agallamh leanúnach faoi chaighdeán a choinneáil leis na bunpháirtithe is tábhachtaí

 Gabhtar páirt leanúnach i dtíonscnaimh For-rochtana (m.sh. imeachtaí, comhdhálacha)

 Deimhnítear tuairisciú cothrom sna meáin ar cheisteanna maidir le rialáil chumarsáide.

**5. Clár Oibre fócasaithe maidir le Forbairt Foirne a chruthú agus a fhorfheidhmiú**

***Straitéisí***

 Déantar na polasaithe um Acmhainní Daonna (AD) a ailíniú d'fhonn foireann den scoth a earcú agus a choimeád; coimeádtar buan cultúr an ard-fheidhmiúcháin agus déantar an seasamh atá againn mar lárionad barr feabhais aitheanta a neartú

 Déantar Clár Oibre Foghlama agus Forbartha a chruthú agus a fhorfheidhmiú

 Leantar de pholasaithe réamhghníomhacha maidir le freagracht chorparáideach sóisialach agus le tionscnaimh comhionannais agus éagsúlachta, lena n-áirítear na hoibleagáidí atá orainn faoin Acht Míchumais, 1005.

**Beartanna Feidhmiúcháin**

• Déantar feidhmiúchán ChomReg a chóimheas de réir na gcaighdeán bunaithe i gcoinne na gcomparadóirí idirnáisiúnta is fearr,

- Déantar Suirbhé ar na bunpháirtithe is mó tábhacht (chun leibhéil na hiontaoibhe/an mheasa sa saineolas atá ag ComReg a fháil amach)

- Déantar na cumais atá againn a iniúchadh (féachaint an bhfuil na cumais atá riachtanach ar fáil againn dáiríre).

## Aguisín A – Liosta na nGiorrachán

| | |
|---|---|
| AD | Acmhainní Daonna (HR) |
| AE | Aontas na hEorpa (EU) |
| CAI | An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (IMF) |
| CBL | Cáin Bhreis Luacha (VAT) |
| ITES | An Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta & Sóisialta (ESRI) |
| OBÁC | Ollcheantar Bhaile Átha Cliath (GDA) |
| OTI | Olltáirgeacht Intíre (GDP) |
| OTN | Olltáirgeacht Náisiúnt (GNP) |
| POS | An Príomh-Oifig Staidrimh (CSO) |
| R/Airg | An Roinn Airgeadais (DF) |
| RCFAN | An Roinn Cumarsáide agus Acmhainní Nádúrtha (DCNR) |
| TEC | An Teicneolaíocht Eolais & Cumarsáide (ICT) |
| ÚRN | Údarás Rialála Náisiúnta (NRA) |